Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Iúil 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0203(COD)**

**11795/2/23 REV 2**

**CODEC 1360**
**ENER 445**
**ENV 846**
**TRANS 311**
**ECOFIN 770**
**RECH 353**
**CLIMA 353**
**IND 390**
**COMPET 759**
**CONSOM 280**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 9 Nollaig 2021[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 28 Aibreán 2022[3].

---

[1] 10745/2/21 REV 2 + 10745/21 ADD 1 REV 1 + ADD 2 go 8.
[2] IO C 152, 6.4.2022, lch. 134.
[3] IO C 301, 5.8.2022, lch. 139.

4. An 11 Iúil 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle[4] in ann glacadh leis.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 15/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Fhionlainn, an Pholainn agus Ungáir ag vótáil ina choinne, agus an Bheilg, an Laitvia, an Phortaingéil agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil.

6. Mura mbeidh aon chruinniú cóaram ag an gComhairle roimh an 26 Iúil 2023, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a ghlacadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) mar a leagtar amach in PE-CONS 15/23.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

[4] 11456/23.